# Stráice Gaza

## Leibhéal B1

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoin gcogadh i nGaza. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile:

1. An bhfuil a fhios agat cá bhfuil Iosrael agus Gaza? Cuir na lipéid chuí ar an léarscáil thíos.

1. an Bruach Thiar
2. an Éigipt
3. an Iordáin
4. an Liobáin
5. an tSiria
6. Iosrael
7. Stráice Gaza



2. An bhfuil mórán ar eolas agat faoin gcoimhlint seo? Déan iarracht na himeachtaí thíos a mheaitseáil leis an mbliain inar tharla siad.

| | |
|---|---|
| Maraíodh na milliúin Giúdach san Eoraip le linn an Dara Cogadh Domhanda. | 1948 ar aghaidh |
| Cruthaíodh Iosrael mar stát nua do Ghiúdaigh ar fud an domhain. | 7 Deireadh Fómhair ar aghaidh |
| Tá coimhlint ag dul ar aghaidh ó shin, idir muintir Iosrael agus na Palaistínigh a bhí ina gcónaí sa cheantar sin sular bunaíodh Stát Iosrael. | 1939 – 1945 |
| Rinne Hamas ionsaí ar Iosrael. | 7 Deireadh Fómhair 2023 |
| Tá ionsaithe á ndéanamh ag Iosrael ar Ghaza ó shin agus níos mó ná 12,000 duine marbh i nGaza (de réir Hamas). | 1948 |

3. Samhlaigh go bhfuil tú i do chónaí i nGaza nó in Iosrael. Conas a mhothaíonn tú?

4. Cé hé an tAire Gnóthaí Eachtracha? Cén jab a dhéanann sé? (*Bíonn an tAire Sláinte ag plé le córas sláinte na tíre – leis na hospidéil, leis na dochtúirí agus araile. Bíonn an tAire Gnóthaí Eachtracha ag plé ...*)

# B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

| | |
|---|---|
| léirscrios | *crying* |
| smionagar | *was kidnapped, abducted* |
| olagón | *trapped* |
| caoineachán | *fuel* |
| leonta | *rubble* |
| i mbéal an bháis | *colleague* |
| breosla | *injured, wounded* |
| fuadaíodh | *devastation* |
| ar iarraidh | *paperwork* |
| comhghleacaí | *wailing* |
| páipéarachas | *near death* |
| sáinnithe | *missing* |

2. Cuir na focail idir lúibíní thíos le chéile chun comhfhocail a chruthú. Cad is brí leis na comhfhocail sin?

(dian)(cuardach) _____

(ceann)(ceathrú) _____

3. Cén leagan de na focail seo atá agat féin – *ceantracha* agus *fágaint*?

4. Cén fhréamh atá ag na briathra seo – **ag maíomh** agus **ag áireamh**? Cad is brí leo?

## C: TUISCINT

1. Féach ar an mír den chéad uair. Meaitseáil an t-eolas ar chlé leis an eolas cuí ar dheis. Cad a bhí ag an duine in aice leat?

| | |
|---|---|
| Tá léirscrios á dhéanamh ag Iosrael … | … i nGaza, leanaí nach mór leath acu. |
| Áirítear go bhfuil 12,000 duine marbh … | … nuair a bhí sé i ndeisceart Iosrael. |
| Tá na daoine atá leonta agus i mbéal an bháis … | … a bheidh an páipéarachas i gceart. |
| Deir Iosrael go bhfuil ceanncheathrú Hamas … | … i ndeisceart Ghaza an áit a fhágáil. |
| Tá foláireamh tugtha ag Iosrael do dhaoine … | … ar chathair Ghaza. |
| Taispeánadh tithe a scrios Hamas don Tánaiste ... | … a fuadaíodh agus atá fós ar iarraidh. |
| Ba as Baile Átha Cliath athair Emily Hand, … | … faoi Ospidéal Al-Shifa. |
| Scaoileadh le 23 saoránach na tíre seo ó Ghaza inné agus scaoilfear le tuilleadh nuair ... | … á dtabhairt go dtí Ospidéal Al-Shifa. |

2. Bain úsáid as na focail Ghaeilge a phléigh tú faoi Foclóir, agus atá cloiste agat sa mhír anois, chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo:

- Chas an tAire Gnóthaí Eachtracha lena _____* san Iosrael. (*séimhiú)
- Tá _____ á dhéanamh ag fórsaí Iosrael  i nGaza.
- Bíonn _____ agus _____ le cloisteáil in Ospidéal Al-Shifa gach lá.
- Tá na mílte daoine _____ i nGaza go fóill, gan aon bhealach éalaithe acu.
- Tá na daoine atá _____ agus _____ á dtabhairt go dtí an t-ospidéal.
- _____ Emily Hand agus tá sí fós _____.
- Tá cuid mhaith d'Ospidéal Al-Shifa faoi _____ agus níl _____ ann.
- Beidh saoránaigh na hÉireann in ann éalú ó Ghaza chomh luath is atá an _____ i gceart.

# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (an aidiacht bhriathartha)

a) Is aidiacht í an aidiacht bhriathartha a thagann ó bhriathar. Líon na bearnaí sna samplaí thíos:

Rinne mé an dinnéar. → Tá an dinnéar (déan) _____.

Bhris sé a chos. → Tá a chos (bris) _____.

b) Anois, féach ar na habairtí thíos ón mír. Líon na bearnaí leis an aidiacht bhriathartha de na briathra atá idir lúibíní.

- ✓ Tá siad sin atá (leon) _____ agus i mbéal an bháis fós á dtabhairt go hOspidéal Al-Shifa.
- ✓ Tá foláireamh (tabhair) _____ ag Iosrael do dhaoine i gceantair i ndeisceart Ghaza an áit sin a fhágáil, ainneoin go raibh sé (abair) _____ roimhe seo ag Iosrael leis na Palaistínigh dul go deisceart Ghaza.
- ✓ … áit ar taispeánadh dó tithe a bhí (scrios) _____ tar éis ionsaí Hamas ag tús na míosa seo caite.
- ✓ … go mbeadh formhór de shaoránaigh na tíre seo (scaoil) _____ amach as Gaza faoi cheann trí lá.
- ✓ … meastar go bhfuil suas le 20 duine eile agus a gcuid leanaí sin (fág) _____ fós.
- ✓ … chomh luath agus a bheidh an páipéarachas (cuir) _____ ina cheart.
- ✓ … tá an marú ag leanúint do na céadta agus na mílte eile atá (sáinnigh) _____ ar stráice beag talún, Gaza.

## 2: Cruinneas Gramadaí (an aidiacht shealbhach)

a) Cén Ghaeilge atá ar: *my coat, your coat, his coat, her coat, our coats, your coats (pl), their coats.*

b) Seo cúpla sampla den aidiacht shealbhach a bhí sa mhír. Líon na bearnaí leis an bhfoirm cheart de gach ainmfhocal thíos agus an aidiacht shealbhach curtha i bhfeidhm:

- ✓ Tá fórsaí Iosrael ag leanúint lena (ionsaithe) _____ i gCathair Ghaza.
- ✓ …Emily Hand, a raibh a (athair) _____ as Baile Átha Cliath.
- ✓ Dúirt Micheál Martin go ndúirt a (comhghleacaí) _____ leis…
- ✓ Meastar go bhfuil 20 duine eile agus a (cuid) _____ leanaí fágtha.
- ✓ Scaoilfear leo nuair a bheidh an páipéarachas curtha ina (ceart) _____.

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint

Féach ar na pictiúir thíos agus pléigh na ceisteanna leis na daoine eile sa ghrúpa. Bainigí úsáid as an stór focal sa bhosca chun cuidiú libh.

ag léirsiú – *demonstrating*
Iosraelach / Iosraelaigh
Palaistíneach / Palaistínigh
Bratach Iosrael
Bratach na Palaistíne
daonlathas – *democracy*
ceartas – *justice*
gialla – *hostages*
uafás, sceimhle – *terror*
leanaí a choinneáil ina ngialla – *to hold children hostage*

a) Cad atá ag tarlú sna pictiúir?
b) An raibh tú riamh ag léirsiú nó an bhfaca tú mórshiúl agóide riamh? Cén chúis a bhí leis?

## 2: Scríobh

Is tusa duine de na daoine sna pictiúir thuas. Scríobh cúpla líne i do dhialann ag déanamh cur síos ar an ócáid agus ar an mbealach a mothaíonn tú.

# AN SCRIPT

**Tomás Ó Mainnín**

Tá fórsaí Iosrael ag leanúint lena n-ionsaithe i gCathair Ghaza agus léirscrios á dhéanamh ar an gcathair agus na mílte á marú. Ach sa smionagar tá na mílte marbh. Gach aon lá, tá an t-olagón agus caoineachán na marbh ag leanúint do phobal Ghaza. Áirítear anois go bhfuil suas le 12,000 duine marbh i nGaza, leanaí nach mór leath acu sin.

Tá siad sin atá leonta agus i mbéal an bháis fós á dtabhairt go hOspidéal Al-Shifa, ainneoin nach bhfuil aon bhreosla ná córas cumarsáide san ospidéal sin de bharr na cogaíochta. Tá fórsaí Iosrael ag déanamh dianchuardach ar an ospidéal. Maíonn siadsan go raibh ceanncheathrú ag Hamas faoin ospidéal.

Inniu, tá foláireamh tugtha ag Iosrael do dhaoine i gceantracha[1] i ndeisceart Ghaza an áit sin a fhágaint,[2] ainneoin go raibh sé ráite roimhe seo ag Iosrael leis na Palaistínigh dul go deisceart Ghaza. Tá imní anois ann go leanfaidh Iosrael lena n-ionsaithe ar an dtaobh[3] theas de Stráice talún Ghaza.

Inniu, bhí an tAire Gnóthaí Eachtracha, Micheál Martin, i ndeisceart Iosrael, áit gur taispeánadh dó tithe a bhí scriosta tar éis ionsaí Hamas ag tús na míosa seo caite. Ba as an gceantar seo a fuadaíodh Emily Hand, ocht mbliana d'aois, gur ó Bhaile Átha Cliath a hathair. Tá sí fós ar iarraidh. Dúirt Micheál Martin go ndúirt a chomhghleacaí i rialtas Iosrael leis go mbeadh formhór de shaoránaigh na tíre seo scaoilte amach as Gaza faoi cheann trí lá. Scaoileadh le 23 duine acu sin inné agus meastar go bhfuil suas le 20 duine eile agus a gcuid leanaí sin fágtha fós. Tá súil go scaoilfear lena thuilleadh de shaoránaigh na tíre seo ó Ghaza chomh luath agus a bheidh an páipéarachas curtha ina cheart.

Idir an dá linn, tá an léirscrios agus an marú ag leanúint do na céadta agus na mílte eile atá sáinnithe ar stráice beag talún, Gaza.

Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4.

[1] ceantracha = leagan canúnach de 'ceantair'
[2] fágaint = leagan canúnach de 'fágáil'
[3] Canúint na Mumhan atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, urú seachas séimhiú i ndiaidh 'den' agus 'don', agus urú ar ainmfhocail dar tús 'd' agus 't'.

## NÓTAÍ & FREAGRAÍ

### A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair deis dóibh na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.

Féach:




1. an Bruach Thiar
2. an Éigipt
3. an Iordáin
4. an Liobáin
5. an tSiria
6. Iosrael
7. Stráice Gaza

#### 2. Freagraí

| | |
|---|---|
| Maraíodh na milliúin Giúdach san Eoraip le linn an Dara Cogadh Domhanda. | 1939 – 1945 |
| Cruthaíodh Iosrael mar stát nua do Ghiúdaigh ar fud an domhain. | 1948 |
| Tá coimhlint ag dul ar aghaidh ó shin, idir muintir Iosrael agus na Palaistínigh a bhí ina gcónaí sa cheantar sin sular bunaíodh Stát Iosrael. | 1948 ar aghaidh |
| Rinne Hamas ionsaí ar Iosrael. | 7 Deireadh Fómhair 2023 |
| Tá ionsaithe á ndéanamh ag Iosrael ar Ghaza ó shin agus níos mó ná 12,000 duine marbh i nGaza (de réir Hamas). | 7 Deireadh Fómhair ar aghaidh |

### B: FOCLÓIR

1. Féach:

| | |
|---|---|
| léirscrios | *devastation* |
| smionagar | *rubble* |
| olagón | *wailing* |
| caoineachán | *crying* |
| leonta | *injured, wounded* |
| i mbéal an bháis | *near death* |
| breosla | *fuel* |
| fuadaíodh | *was kidnapped, abducted* |
| ar iarraidh | *missing* |
| comhghleacaí | *colleague* |
| páipéarachas | *paperwork* |
| sáinnithe | *trapped* |

2. dianc**h**uardach – *intense searching*; ceannc**h**eathrú – *headquarters*.
3. Ceantracha – ceantair; fágaint – fágáil.
4. Ag maíomh (maígh) – *claiming, boasting*; ag áireamh (áirigh) – *counting*.

## C: TUISCINT

1. Féach:

| | |
|---|---|
| Tá léirscrios á dhéanamh ag Iosrael … | … ar chathair Ghaza. |
| Áirítear go bhfuil 12,000 duine marbh … | … i nGaza, leanaí nach mór leath acu. |
| Tá na daoine atá leonta agus i mbéal an bháis … | … á dtabhairt go dtí Ospidéal Al-Shifa. |
| Deir Iosrael go bhfuil ceanncheathrú Hamas … | … faoi Ospidéal Al-Shifa. |
| Tá foláireamh tugtha ag Iosrael do dhaoine … | … i ndeisceart Ghaza an áit a fhágáil. |
| Taispeánadh tithe a scrios Hamas don Tánaiste ... | … nuair a bhí sé i ndeisceart Iosrael. |
| Ba as Baile Átha Cliath athair Emily Hand, … | … a fuadaíodh agus atá fós ar iarraidh. |
| Scaoileadh le 23 saoránach na tíre seo ó Ghaza inné agus scaoilfear le tuilleadh nuair ... | … a bheidh an páipéarachas i gceart. |

2. Féach:

- Chas an tAire Gnóthaí Eachtracha lena **chomhghleacaí*** san Iosrael. (*séimhiú)
- Tá **léirscrios** á dhéanamh ag fórsaí Iosrael i nGaza.
- Bíonn **olagón** agus **caoineachán** le cloisteáil in Ospidéal Al-Shifa gach lá.
- Tá na mílte daoine **sáinnithe** i nGaza go fóill, gan aon bhealach éalaithe acu.
- Tá na daoine atá **leonta** agus **i mbéal an bháis** á dtabhairt go dtí an t-ospidéal.
- **Fuadaíodh** Emily Hand agus tá sí fós **ar iarraidh**.
- Tá cuid mhaith d'Ospidéal Al-Shifa faoi **smionagar** agus níl **breosla** ann.
- Beidh saoránaigh na hÉireann in ann éalú ó Ghaza chomh luath is atá an **páipéarachas** i gceart.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (an aidiacht bhriathartha)

a) Féach:
Rinne mé an dinnéar. / Tá an dinnéar **déanta**.
Bhris sé a chos. / Tá a chos **briste**.

b) Anois, féach ar na habairtí thíos ón mír. Líon na bearnaí leis an aidiacht bhriathartha de na briathra atá idir lúibíní.

✓ Tá siad sin atá **leonta** agus i mbéal an bháis fós á dtabhairt go hOspidéal Al-Shifa.
✓ Tá foláireamh **tugtha** ag Iosrael do dhaoine i gceantair i ndeisceart Ghaza an áit sin a fhágáil, ainneoin go raibh sé **ráite** roimhe seo ag Iosrael leis na Palaistínigh dul go deisceart Ghaza.
✓ … áit ar taispeánadh dó tithe a bhí **scriosta**, tar éis ionsaí Hamas, ag tús na míosa seo caite.
✓ … go mbeadh formhór de shaoránaigh na tíre seo **scaoilte** amach as Gaza faoi cheann trí lá.
✓ … meastar go bhfuil suas le 20 duine eile agus a gcuid leanaí sin **fágtha** fós.
✓ … chomh luath agus a bheidh an páipéarachas **curtha** ina cheart.
✓ … tá an marú ag leanúint do na céadta agus na mílte eile atá **sáinnithe** ar stráice beag talún, Gaza.

### 2: Saibhreas Teanga (logainmneacha)

*a)* Féach: mo chóta, do chóta, a chóta, a cóta, ár gcótaí, bhur gcótaí, a gcótaí.

b) Féach:
✓ Tá fórsaí Iosrael ag leanúint lena **n-ionsaithe** i gCathair Ghaza.
✓ …Emily Hand, a raibh a **hathair** as Baile Átha Cliath.
✓ Dúirt Micheál Martin go ndúirt a **chomhghleacaí** leis…
✓ Meastar go bhfuil 20 duine eile agus a **gcuid** leanaí fágtha.
✓ Scaoilfear leo nuair a bheidh an páipéarachas curtha ina **cheart**.

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

Tabhair deis do na foghlaimeoirí an méid atá ag tarlú sna pictiúir a phlé le chéile. Tá an stór focal ann chun tacú leo le linn na cainte. Caithfidh siad labhairt freisin faoi mhórshiúl agóide a raibh siad aige nó ar ghlac siad páirt ann.

### 2: Scríobh

Iarr orthu idir 5 agus 10 líne a scríobh faoi mhórshiúl agóide a raibh siad aige.

*Curtha ar fáil ag* Ollscoil Mhá Nuad, Ollscoil na hÉireann Má Nuad | Lárionad na Gaeilge, Taighde, Teagasc & Tástáil

*le tacaíocht ó* An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media | TG4